



School Gardening
Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Oinniúin, Gairleog & Síobhais a Fhás ar Scoil





Am na Bliana

Deireadh Fómhair, Márta agus Aibreán

Aidhm

Chun léiriú do pháistí conas glasraí a fhás sa ghrúpa allium.

Acmhainní de dhíth

Tacair oinniún orgánacha, bolgáin ghairleoige, oinniún earraigh agus síolta síobhais, cur líne, aoileach lofa, múirín gairdín nó múirín glasraí, boscaí fuinneoige, tráidirí modúlacha, pota trastomhas 15cm.

Nóta: Tá roinnt tacair oinniún, agus bolgáin ghairleoige crua sa gheimhreadh

Ábharthacht Thras-Churaclam

OSIE: Rudaí beo, ag déanamh taiscéal/taighde, ag taifeadadh, ag breathnú

Mata: Ag tomhas, ag taifeadadh, foghlaim ghníomhach

Litearthacht: Focail nua, scríbhneoireacht, litriú

Ealaín: Ag déanamh comharthaí, grianghraif

Curacclam Neamhfhoirmiúil: Food Dudes, Bia Sláintiúil, Discover Primary Science



1 Plandáil Tacair Oinniún an Fhómhair

Fás tacair oinniún crua an gheimhridh mar Thraí, Shakespeare nó Leictreach (dearg) i leaba atá ullmhaithe go maith ina bhfuil múirín gairdín atá lofa go maith curtha leis. Scrúdú a dhéanamh ar gach sraith agus iad siúd a scriosadh atá bog nó ag péacadh. Déan gach sraith a leath thumadh san ithir agus plandaigh iad 10cm óna chéile le 25-30cm idir sraitheanna. Is féidir iad a fhás i bhfuinneog bosca freisin. Nó fás i dtráidirí modúlacha líonta le múirín agus plandaí saor ó mhóin i leapacha nó i mboscaí fuinneoige i mí an Mhárta. Scrúdaigh go laethúil le fáil amach an bhfuil éin ag tarraingt suas na tacar. Bain cinn thar an ngeimhreadh i mí an Mheithimh.



2 Cur Gairleoige an Fhómhair

Fás gairleog mar Solent Wight, Provence Wight nó Gairleog Eilifinte i leapacha múirinithe 20 cm óna le sraitheanna 30 cm. Brúigh bolgáin isteach in ithir atá dá huaire níos doimhne ná iad. Bain i mí an Mheithimh. Is féidir iad a fhás i dtráidirí modúlacha freisin agus atá curtha i leapacha i mí an Mhárta. Mura bhfuil leapacha ann tá plandaí ar fáil i mboscaí fuinneoige atá 20cm ar leithead agus 20cm domhain. Bris na bolgáin suas go cúramach i gclóibh ag caitheamh cinn bheaga nó cinn bhoga ar leataobh. Cuir na clóibh 10cm óna chéile isteach i múirín saor ó mhóin a bhfuil curtha leis cúpla dornán gréain le haghaidh draenála maith agus na poill ag bun clúdaithe le púróga nó gréan. Coinnigh na cinn faoi 2.5cm faoi bhun dhromchla an mheascáin. Fág na boscaí taobh amuigh i láthair grianmhar.



3 Oinniúin Earraigh nó Scailliúin a Fhás

Cuir cineál ar nós Ishikura Bunching nó Paráid 1.5cm domhain i dtráidire modúlach sé chillín sa seomra ranga i mí an Mhárta. Líon na modúil le múirín saor ó mhóin agus cuir deich síol in aghaidh an mhodúil. Nuair a bheidh na síolta péacaithe bog iad taobh amuigh go dtí áit ghrianmhar. Plandaigh i dtropaill thart ar 5 seachtaine ina dhiaidh sin, 25cm óna chéile i leaba ardaithe nó i mbosca fuinneoige. Bheadh múirín atá lofa go maith nó aoileach curtha leis an leaba i bhfómhar na bliana tairbheach. Fómhar tar éis 5 seachtaine eile. Cuir tráidire modúlach eile thart ar thrí seachtaine tar éis an chéad cheann a chur agus trí seachtaine eile ina dhiaidh sin.



Sláinte agus Sábháilteacht

★ Nigh na lámha tar éis cur.



Tá oinniún a phlandáil agus clóibh ghairleoige i Márta/Aibreán cosúil le plandáil an fhómhair.



4 Síobhais Earraigh

Cuir go tanaí i bpota 15cm de mhúirín saor ó mhóin i mí Aibreáin, uiscigh an múirín sula gcuirtear é. Clúdaigh an pota le plaisteach soiléir. Fág é seo ar leac fuinneoige grianmhar. Beidh siad péacaithe tar éis thart ar 14 lá. Coinnigh an taise sa phota. Coinnigh an phota sa seomra ranga agus cruaigh iad taobh amuigh ar feadh thart ar sheachtain sula mbogann tú an pota amuigh faoin aer i mí na Bealtaine. Bain na péacáin nuair atá siad thart ar 15cm ar airde.